



# Aonad 2

## Bileog Oibre

### I dtús báire

**A** Ar ball, chífídh tú Seán Ó Daimhín, as an tSraith Bhán i gContae Thír Eoghain, ag tabhairt comhairle faoi fhoghlaim teangacha. Déan féin agus an duine in aice leat liosta d'fhocail agus frásaí a shíleann sibh a bheidh in úsáid ag Seán agus é ag caint ar an ábhar seo.

_____	<input type="checkbox"/>	_____	<input type="checkbox"/>	_____	<input type="checkbox"/>
_____	<input type="checkbox"/>	_____	<input type="checkbox"/>	_____	<input type="checkbox"/>
_____	<input type="checkbox"/>	_____	<input type="checkbox"/>	_____	<input type="checkbox"/>

**B** Anois, amharc ar an agallamh le Seán. Cuir tic le ceann ar bith de na focail/frásaí a bhí agaibhse thuas agus a bhí in úsáid ag Seán san agallamh.

### Cluastuiscint

Léigh na ráitis thíos agus ansin éist leis an agallamh le Seán arís. Tá botúin eolais i gcuid de na ráitis. Má shíleann tú go bhfuil botún sa ráiteas cuir tic le 'Bréagach' agus cuir an t-eolas ceart ar fáil.

	Ráiteas	Fíor	Bréagach
<b>1</b>	Luath sna déaga a bhí Seán nuair a d'fhoghlaim sé Gaeilge. _____		
<b>2</b>	Is é cumas agus cur chuige an mhúinteora an rud is tábhachtaí maidir le dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí. _____		
<b>3</b>	Ní bhíonn na tuairimí ar fad a bhíonn ag lucht oideachais fíor, dar leis. _____		
<b>4</b>	Ní thig foghlaim teangacha a chur i gcomparáid le foghlaim scileanna eile. _____		
<b>5</b>	Is taobh amuigh den tseomra ranga a tharlaíonn an chuid is tábhachtaí den fhoghlaim teanga. _____		

6	Tá easpa acmhainní ann do dhaoine atá ag iarraidh a bheith ag léamh i nGaeilge. _____		
7	Is tábhachtaí a bheith ag éisteacht leis an teanga ná a bheith ag léamh nó ag scríobh sa teanga. _____		
8	Níor cheart drogall a bheith ort an teanga a labhairt le daoine, is cuma cé hiad féin. _____		

## Ardú feasachta

**A** Amharc ar na focail agus ar na frásaí seo thíos a tógadh as cuid cainte Sheáin. Caithfidh tusa iad a mheaitseáil leis an téarma cheart gramadaí. Tá an chéad cheann déanta le cuidiú leat.

Focal/frása		Téarma gramadaí	Sampla eile den téarma seo
1 <i>An Ghaeilge</i>	A	Ainmfhocal dílis, cinnte, baininscneach	<i>An Phortaingéil</i>
2 iontu	B	Orduimhir	
3 is tábhachtaí	C	Ainmfhocal sa tuiseal thabharthach	
4 i mbun	D	Breischéim na haidiachta	
5 déarfainn	E	Ainmfhocal sa ghinideach ag feidhmiú mar aidiacht	
6 foghlamtha	F	Réamhfhocal simplí	
7 lucht an <b>oideachais</b>	G	Forainm réamhfhoclach	
8 féinfhoghlaim	H	Cuspóir agus ainm briathartha	
9 i measc na <b>mBéarlóirí</b>	I	Ainmfhocal teibí	
10 rang	J	Aidiacht bhriathartha	
11 agamsa	K	An t-ainm briathartha	
12 <b>Gaeil</b> eile	L	Briathar sa mhodh choinníollach	
13 an <b>tríú</b> rud	M	Ainmfhocal firinscneach sa tuiseal ghinideach	
14 níos deacra	N	Réamhfhocal comhshuite	
15 ag foghlaim	O	Forainm réamhfhoclach (an fhoirm threise)	
16 an tuiscint	P	Ginideach iolra (tréaniolra)	
17 <b>le</b> daoine	Q	Cnuasainm	
18 ar an <b>phróiseas</b>	R	Sárchéim na haidiachta	
19 comhlúadar <b>a</b> dhéanamh	S	Comhfhocal	
20 cainteoirí <b>dúchais</b>	T	Ainmfhocal dílis, iolra (lagiolra)	

**B** I ndiaidh don mhúinteoir na téarmaí a phlé leis an rang ar fad, beidh ort féin sampla amháin eile d'achan téarma a sholáthar agus a scríobh sa cholún thuas.

## Seal ag éisteacht

---

Éist le triúr ag cur comhairle ar fhoghlaimoirí Gaeilge. Éist leis an mhír fuaime den dara huair agus tabhair freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

### Cainteoir 1

Caidé an phríomhchomhairle atá aige d'fhoghlaimoirí?

---

---

Caidé an deacracht is mó a bhí aige leis an Fhraincis agus caidé mar a chuaigh sé i ngleic leis an deacracht sin?

---

---

### Cainteoir 2

Cad chuige a luann an cainteoir na rudaí seo a leanas?

- Ceartúcháin an mhúinteora

---

---

- Téarmaíocht na gramadaí

---

---

- Foghlaim de ghlanmheabhair

---

---

- Ag déanamh botún

---

---

### Cainteoir 3

Caidé na buntáistí a bhaineann le sprioc chinnte a bheith agat agus tú ag foghlaim teanga, dar leis?

---

---

## Cur agus cúiteamh

Seo thíos roinnt ráiteas atá bunaithe ar ábhair na n-agallamh san aonad seo. Léigh na ráitis agus cuir tic le ceann amháin de na huimhreacha, 1-5, sula ndéanann tú iad a phlé leis an duine in aice leat.

**1** = Aontaím go hiomlán leis an ráiteas seo. / Tá sé seo iomlán fíor i mo chás féin.

**5** = Ní aontaím leis an ráiteas seo ar chor ar bith. / Níl sé seo fíor i mo chás féin ar chor ar bith.

	1	2	3	4	5
<b>1</b> Tá tuiscint mhaith agam ar na buanna/laigí atá agam féin mar fhoghlaiméir Gaeilge.					
<b>2</b> Ní bhíonn drogall orm an teanga a labhairt le duine ar bith.					
<b>3</b> Tá réimse leathan deiseanna ar fáil domh leis an teanga a úsáid taobh amuigh de na ranganna.					
<b>4</b> Níl ganntanas ar bith acmhainní ann don fhoghlaiméir fhásta Gaeilge.					
<b>5</b> Ní bhacaim le rudaí a chur de ghlanmheabhair – cur amú ama atá ann.					
<b>6</b> Níl sprioc faoi leith ar bith agam – bainim sult as a bheith ag foghlaim na teanga go díreach.					
<b>7</b> Aontaím leo sin a deir go bhfuil gramadach na Gaeilge níos deacra ná teangacha eile.					

## Tusa ag tabhairt comhairle

Cén chomhairle a bheadh agatsa do dhaoine atá ag cur tús lena n-aistear foghlama sa Ghaeilge? Smaoinigh ar do thaithí féin. Scríobh síos trí phointe agus déan iad a phlé leis an duine in aice leat.

- 1 \_\_\_\_\_
- 2 \_\_\_\_\_
- 3 \_\_\_\_\_

## Tusa i mbun léitheoireachta

Léigh an t-alt gairid thíos ina ndéanann údar anaithnid cur síos ar an dearcadh atá aigesean/aicise maidir le cúrsaí foghraíochta.

Ceist agam ort, a léitheoir: cad chuige a mbíonn na sluaite ag plódú isteach i ranganna Gaeilge, bliain i ndiaidh bliana, ó íochtar Chiarraí go hAird Uladh? Iad lán dóchais go mbeidh an teanga seo ar a dtail acu roimh i bhfad agus gan dadaidh i ndán don chuid is mó acu ach díomá. Níl mé ag maíomh go dtig liomsa an scéal brónach uilig a mhíniú, ach tá mé cinnte go bhfuil baint nach beag aige le rud ar a dtugaim ‘cultas an chainteora dúchais.’

Seo an míniú a fuair mé ar ‘cultas’ san fhoclóir: ‘grúpa a dhéanann ceannaire a adhradh agus a chreideann gur acusan amháin atá an ceart.’ Sin agat lucht na Gaeilge. Tá an cainteoir dúchais mar dhia beag acu. Eisean amháin a labhraíonn mar is ceart. Ise amháin a scríobhann mar is ceart. Má tá tú ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim, caithfidh tú do bhlas cainte, do stór focal agus do phearsantacht féin a fhágáil ag doras an tseomra ranga. Caithfidh tú aithris a dhéanamh ar mhuintir na Gaeltachta.

Níor míníodh riamh domh, mise a rugadh agus a tógadh cois Banna, cad chuige a gcaithfidh mé mo bhlas cainte féin a chur as a riocht agus labhairt mar a bheadh Conallach ann. Mise agus na foghlaimeoirí eile sa Ghrúpa Comhrá, tuigeann muid a chéile go breá gan a bheith ag ligean orainn gur i Rann na Feirste a chaith muid ár saol go dtí seo. (Is nuair a chuirtear Raidió na Gaeltachta ar siúl a bhíos na fadhbanna tuisceana ann.)

An rud is measa faoi chultas seo an chainteora dúchais: cuireann sé sprioc os comhair na bhfoghlaimeoirí nach dtig leo a bhaint amach. Tig beaguchtach orthu agus iad ag iarraidh canúint choimhthíoch a thabhairt leo. Lig do mhuintir na hÉireann an Ghaeilge a labhairt mar is maith leo féin. Má tá muintir Bhéal Feirste ag iarraidh, ‘Caidé fá dtaobh duit?’ a ráit in áit ‘Caidé mar atá tú?’ cé a déarfadh go bhfuil ceann ar bith acu níos fearr ná a chéile?

Cuir líne faoi fhocal nó faoi fhrása ar bith nach dtuigeann tú go hiomlán. Bain úsáid as comhthéacs an pháosa le buille faoi thuairim a thabhairt faoin chiall atá leis. Thig leat úsáid a bhaint as na foclóirí ar líne leis an chiall a chinntiú.

## An fhoghraíocht: cur agus cúiteamh

Déan ábhair an ailt a phlé leis an bheirt in aice leat.

- 1 Cén dearcadh atá agaibhse faoi na tuairimí a nocht an t-údar san alt?
- 2 An bhfuil sibh ar aon aigne leis an údar maidir le fírinne an ráitis seo: ‘Má tá tú ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim, caithfidh tú do bhlas cainte, do stór focal agus do phearsantacht féin a fhágáil ag doras an tseomra ranga.’
- 3 An síleann sibh féin go bhfuil sé tábhachtach am a chaitheamh sa Ghaeltacht?

4 Anois, amharc ar mhír físe ina ndéanann Antain Mac Lochlainn cur síos ar a dhearcadh féin maidir leis an ábhar seo. I ndiaidh duit amharc ar an mhír, scríobh cúpla abairt ina ndéanann tú coimriú ar dhearcadh Antain maidir le foghlaim na foghraíochta.

---

5 An aontaíonn tú féin agus na daoine eile i do ghrúpa le tuairimí Antain? Cad chuige?

## Tusa ag foghlaim

---

A Tá réimse leathan ábhar tacaíochta le fáil ar líne anois a chuideoidh leat agus tú ag scríobh i nGaeilge. Amharc ar an liosta thíos agus aimsigh ar líne iad.

<a href="http://www.tearma.ie">www.tearma.ie</a>	Bunachar náisiúnta téarmaíochta don Ghaeilge.
<a href="http://www.focloir.ie">www.focloir.ie</a>	Foclóir ginearálta Béarla–Gaeilge.
<a href="http://www.teanglann.ie">www.teanglann.ie</a>	Suíomh a chuireann ar do chumas seanfhoclóirí clóite a chuardach ar líne: <i>English–Irish Dictionary</i> (1959), <i>Foclóir Gaeilge–Béarla</i> (1977) agus <i>An Foclóir Beag Gaeilge–Gaeilge</i> (1991).
<a href="https://www.teanglann.ie/ga/gram/">https://www.teanglann.ie/ga/gram/</a>	Eolas le fáil faoi ghnéithe den ghramadach ag leibhéal an fhocail, m.sh. inscne; ainmfhocal + an t-alt; aimsirí, aidiachtaí agus araile.
<a href="http://www.logainm.ie">www.logainm.ie</a>	Suíomh ina dtig teacht ar leaganacha Gaeilge de logainmneacha fud fad na hÉireann.
<a href="http://www.ainm.ie">www.ainm.ie</a>	Cnuasach inchuardaithe ar a bhfuil beathaisnéisí cuid de na daoine ba mhó le rá i saol na Gaeilge leis na céadta bliain anuas.
<a href="http://www.aistear.ie">www.aistear.ie</a>	Suíomh gréasáin atá dírithe ar aistritheoirí agus ar eagarthóirí Gaeilge, den chuid is mó. Tá neart comhairle faoi fhadhbanna coitianta Gaeilge sa rannóg ‘Cruinneas.’

B Déan na habairtí seo thíos a thiontú go Gaeilge. Úsáid na hacmhainní thuas le cuidiú leat na fadhbanna Gaeilge a réiteach.

1 They were married at *Teebane*, County Tyrone, in 1975.

---

2 The number of donations is decreasing steadily.

---

3 The next match will be an *acid test* of this team’s progress.

---

4 ‘An Craoibhín Aoibhinn’ was the pen name of *Douglas Hyde*.

---

5 Something must be done about the stray *dog population*.

---

**C** Sna nótaí thíos, pléitear na haistriúcháin agus na háiseanna eolais ar líne.

**1** They were married at Teebane, County Tyrone, in 1975.

Dá mbeifeá idir dhá chomhairle faoin fhoirm shaor den bhriathar ‘pós’, ní bheadh le déanamh ach dul go dtí [www.teanglann.ie/ga/gram/](http://www.teanglann.ie/ga/gram/) agus ‘pós’ a scríobh isteach. Chífidh tú an briathar saor sna haimsirí ar fad, an aimsir chaite san áireamh: ‘pósadh’.

Is é [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) an fhoinse eolais is fearr maidir le logainmneacha Gaeilge. Tá treoracha ar an tsuíomh a mhíníonn na bealaí is éifeachtaí le logainmneacha a chuardach.

B’fhéidir go mbeadh fonn ar fhoghlaimeoirí ‘buille faoi thuairim’ a thabhairt maidir le logainm. I gcás ‘Teebane’, mar shampla, b’fhéidir go sílfadh duine gur ‘Tí Bán’ an t-ainm ceart Gaeilge. Ní hé, áfach. ‘An Taobh Bán’ atá ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie).

Is mar seo a bheadh an abairt: ‘Pósadh iad ar an Taobh Bán, Contae Thír Eoghain, in 1975.’

**2** The number of donations is decreasing steadily.

Dá mbeifeá ag lorg focal Gaeilge a chiallaíonn *donation* thioctadh leat é a lorg ar [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie). Tugtar na focail ‘síntiús’ agus ‘tabhartas’ ansin. ‘Tabhartas’ atá ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie). B’fhéidir go mbeadh fonn ort an dá fhocal a thras-seiceáil ar [www.teanglann.ie/ga/](http://www.teanglann.ie/ga/), féachaint cé acu is fearr. Gheobhaidh tú amach ansin go bhfuil an chiall chéanna leis an dá fhocal agus go dtig ceachtar acu a úsáid. Má dhéanann tú an cinneadh ‘síntiús’ a úsáid, is féidir leat ginideach iolra an ainmfhocail sin a sheiceáil ar [www.teanglann.ie/ga/gram/](http://www.teanglann.ie/ga/gram/). Gheobhaidh tú amach ansin gur lagiolra atá i gceist.

Is mar seo a bheadh an abairt: ‘Tá líon na síntiús ag titim de réir a chéile.’

**3** The next match will be an acid test of this team’s progress.

Tá cinneadh le déanamh anseo: an téarma teicniúil nó meafar atá in *acid test*? Dá mba théarma teicniúil a bheadh ann, b’fhearr duit an leagan Gaeilge a chuardach ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie), áit a bhfaighidh tú ‘tástáil aigéadach.’ Bheadh an abairt sin iontach saothíúil: ‘Beidh an chéad chluiche eile ina thástáil aigéadach ar dhul chun cinn na foirne.’ Más meafar atá ann, b’fhearr duit an leagan Gaeilge a lorg ar [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie), áit a bhfaighidh tú ‘fíorthéist’. Tá sin níos fóirsteanaí don chomhthéacs spóirt.

Is mar seo a bheadh an abairt: ‘Beidh an chéad chluiche eile ina fhíorthéist ar dhul chun cinn na foirne.’

4 'An Craoibhín Aoibhinn' was the pen name of Douglas Hyde.

Is iomaí leagan Gaeilge den ainm Douglas Hyde ann: 'Dúghlas de hÍde', 'Dúbhghlas de hÍde' agus fiú amháin 'Dubhghlas de Híde'. Má bhíonn tú in amhras faoina leithéid, is fiú an duine a chuardach ar [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie). 'Dubhghlas de hÍde' atá molta ar an tsuíomh.

Mar seo a bheadh an abairt, mar sin: 'Ba é "an Craoibhín Aoibhinn" an t-ainm cleite a bhí ar Dhubhghlas de hÍde.'

Is fiú fosta ainm na háite a bhfuil tú féin i do chónaí a chur i mbosca cuardaigh [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie).

B'fhéidir go raibh baint ag scoláirí, scríbhneoirí nó gníomhaithe teanga le do chomharsanacht féin.

5 Something must be done about the stray dog population.

Bíonn a lán comhairle ar [www.aistear.ie](http://www.aistear.ie) faoi fhadhbanna aistriúcháin, go háirithe tionchar an Bhéarla ar an Ghaeilge. Deirtear *dog population* sa Bhéarla. An dtig 'daonra madadh' a rá i nGaeilge? Seo iontráil dar teideal DAONRA sa rannóg 'Cruinneas':

Ó thaobh na sanasaíochta de, tá baint dhíreach idir *population* agus *people*. Bíodh sin mar atá, ní dochar abairt Bhéarla mar seo a scríobh: *One consequence of the recession is an increase in the population of abandoned horses*. Ní hinmholta 'daonra' na Gaeilge a úsáid ar an gcaoi chéanna: 'Toradh amháin ar an gcúlú eacnamaíochta ná méadú ar dhaonra na gcapall tréigthe.' An neach daonna a bhíonn i gceist le 'daonra'. B'fhearr go mór 'líon' a úsáid: 'Toradh amháin ar an gcúlú eacnamaíochta ná méadú ar líon na gcapall tréigthe.'

Mar sin de, is é an t-aistriúchán is fearr: 'Caithfear rud inteacht a dhéanamh faoi líon na madadh fáin.'

Suíomh eile atá iontach úsáideach ná [www.gaois.ie](http://www.gaois.ie). Is é atá ann corpas inchuardaithe de théacsanna Gaeilge. Cuir i gcás go bhfuil tú in amhras faoin chomhthéacs ina n-úsáidtear focal nó frása a d'aimsigh tú i bhfoclóir. Tógaimis 'saoráideach', mar shampla, focal nach bhfuil i nGaeilge Uladh ar chor ar bith. De réir an fhoclóra, ciallaíonn sé 'gan dua' nó 'go héasca' ach b'fhéidir nach bhfaca tú an focal riamh agus ba mhaith leat samplaí a léamh le fáil amach caidé mar a úsáidtear é. Níl le déanamh ach 'saoráideach' a scríobh sa bhosca cuardaigh agus aimseofar na samplaí go léir atá sa chorpas. Seo roinnt bheag acu:

- Tá an-saibhreas ann ach cuirtear inár láthair é i mbealach saoráideach intuigthe.
- Bua saoráideach go maith a bhí ann.
- Go saoráideach agus saor ó chostas.